Cruinniú 20: Oifigí Forbartha Áitiúla Lú, Margadh an Fhéir, Droichead Átha

Dé hAoine an 29 Meán Fómhair 2023

Sheol Bord Feidhmithe Dhroichead Átha agus An Garda Síochána an córas rúnda saor in aisce foláirimh téacs Má Fheiceann tú é, Abair é. Moltar do dhaoine den phobal iompar frithshóisialta a thuairisciú go hanaithnid agus go saor in aisce trí DROGHEDA agus ansin suíomh agus sonraí na heachtra a scríobh ar théacs agus an téacs sin a sheoladh chuig 50555.

Comhaontaíodh tús a chur le feachtas cumarsáide beartaithe maidir le bruscar a bhaineann le drugaí.

Tá acmhainní leithdháilte ag Tusla le Cleachtóir Tacaíochta Teaghlaigh páirtaimseartha a óstáil i dTionscadal an Dorais Dheirg. Oibreoidh siad leis na hógánaigh is deacra dul i dteagmháil leo agus le teaghlaigh atá ag dul i ngleic leis an andúil.

Cheadaigh an Roinn Dlí agus Cirt iarratas ar mhaoiniú d'oibrí luath-idirghabhála um cheartas i leith an Aosa Óig i dtuaisceart Dhroichead Átha, bunaithe i dTionscadal CABLE Foróige agus tacaithe ag Bord Feidhmithe Dhroichead Átha.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le haistriú maoine i Ráth an Mhuilinn maidir le hacmhainn phobail a fhorbairt ansin. Glactar leis go mbeidh próiseas an aistrithe críochnaithe faoi mhí na Samhna 2023.

Tá dul chun cinn suntasach déanta chomh maith maidir le Mol Pobail Bhaile Fearainn na Mónadh Móire. Tionóladh ceardlann idir na ceithre eagraíocht pobail a chuimsíonn Cuibhreannas na Mónadh Móire agus Comhairle Contae Lú chun socruithe rialachais a aontú. I ndiaidh sin, rachaidh Comhairle Contae Lú ar aghaidh leis an bpleanáil.

Rinneadh athbhreithniú ar an eolas is déanaí maidir le dul chun chinn na dtionscadal arna mhaoiniú ag scéim miondeontais Bhord Feidhmithe Dhroichead Átha. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar thionscadail agus beidh roinnt imeachtaí ar siúl sna seachtainí agus sna míonna atá romhainn chun gníomhaíocht rannpháirtithe a cheiliúradh.

Seoladh Ciste Oiliúnach Dhroichead Átha, micreamhaoiniú d'fhiontraithe agus do ghnólachtaí beaga i gceantair Dhroichead Átha agus i gceantair na hInse-Bhaile an Bhiataigh, ar an 6 Meán Fómhair.

Tá Bord Feidhmithe Dhroichead Átha ag óstáil imeacht do chlubanna spóirt agus d'eagraíochtaí de gach cód in DIFE Dé Sathairn an 21 Deireadh Fómhair ó 10 – 1. Osclóidh an tAire Thomas Byrne an ócáid agus is é Davy Fitzgerald an príomhchainteoir.

Tá Ócáid um Shláinte agus um Fholláine Phobal Dhroichead Átha á eagrú ag baill fhogrúpaí Bhord Feidhmithe Dhroichead Átha i gcomhpháirt le Forbairt Áitiúil Lú, a bheidh ar siúl Dé Mháirt an 14 Samhain ó 9.30-12.30.